

17 Deireadh Fómhar

Lá Idirnáisiúnta na Náisiúin Aontaithe ar san Díothú na mBochtaineacht

Déantar ceiliúrtha ar an lá seo ar bhealaigh difriúla ar fud an domhan gach bliain. Ar an lá seo tugtar cuireadh do dhaoine labhairt amach in aghaidh bochtaineacht agus toirmeasc shóisialta, agus smaoineamh ar bhealaigh gur féidir deireadh a chur le neamhionannas.

I 2008, d'eagair Pléaráca, le maoiniú ón Combat Poverty Agency, togra ealaíne le bunscoileanna an Droma agus Leitir Caladh. Chuaigh beirt aoi-chainteoir, Caitlín Uí Chonghaile agus Aisling Ní Thuathail, chuig na scoileanna chun labhairt leis na páistí faoi bochtannas agus an taithí a bhí acu féin ag obair le daoine bochta agus ag bailiú airgead ar a san. Ansin, chuaigh ealaíontóir, Bernie Seoige as Rosmuc, isteach sna scoileanna agus d'oibrigh sí ar phósáí ealaíne leo.

Rinne an dá scoil obair iontach agus ar an 17 Deireadh Fómhar bhí taispeántas do na saothair ealaíne i Muintearas, Tír an Fhia. Eimear Ní Chonaola ó Nuacht TG4 a sheol an taispeántas agus bhí siamsaíocht ón Sorcas Beag. Bhí an-lá againn ar fad agus bhí an obair ealaíne ón dá scoil ildhathach agus spreagúil. Ní amháin go raibh pictiúirí iontacha



Scoil Náisiúnta An Droma, Leitir Mór

déanta acu, ach bhí mapaí le staitisticí agus eolas faoi bhochtaineacht agus na bealaigh a ghoilleann sé ar tíortha difriúil. Bhí sé soiléar go raibh macnamh déanta ag na páistí ar an téama agus b'shin é an toradh is fearr ar an togra.

I 2009 tá súil ag Pléaráca togra eile a eagrú do 17 Deireadh Fómhair. Tá iarratas déanta ar an Combat Poverty Agency chun maoiniú a fháil chun piosa scannánaíocht gearr a thaifead i Rosmuc le grúpa daoine óga, 13/14 bliain d'aois, faoi bhochtaineacht. Beidh tuilleadh eolas faoi seo amach anseo má fhágheann muid maoiniú.

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin ag cur síos do Mheta Uí Mháille ar shaol an oileáin le linn a hóige, ar an tréimhse a chaith sí Meiriceá agus ar shaol an oileáin inniu.

Sea is as an oileán seo mé, rugadh agus tógadh anseo in Inis Meáin mé. Ar Bhaile na Creige a rugadh mé, bhí seanteach againn ann. Tar éis roinnt blianta tháinig scéim amach le haghaidh tithe nua agus thóg m'athair teach nua ar Chinn a' Bhaile, an baile is faide siar ar an oileán. Bhí mé naoi nó deich de bhlianta nuair a chuaigh muid go Cinn a' Bhaile. Mairéad Pháidín Johnny a thugtaí ar mo mháthair. Ba Flathartach í as Baile na Seoigeach. Seán Ó Conghaile a bhí ar m'athair as Baile na Creige ó thúis.

Tá bailte go leor ar an oileán – Baile an Bhóthair, an baile is faide soir atá ag dul go dtí an fharraige. Móinín na Ruaige, Baile an Leisín, sin é an baile a bhfuil mé féin air, Baile an Teampaill, Baile an Dúna, Baile na Creige, Baile na Seoigeach, Cinn A' Bhaile, Gort an Rí agus Cnogán an Ghé. Bhí teaghlach mór againn ann dhá dhuine dhéag, cúigear deartháireacha, cúigear deirfiúracha agus mé féin. Fuair duine eile cailín beag, Nóirín bás ina páiste. Bhí mise ar an duine ba shine, bhí Bríd, Peige, Saile nach maireann, Treasa, Seán, Páidín, Colm, Stiofán, agus ba é Peadar an duine is óige sa chlann. Bhí cuid mhaith acu i Meiriceá. Tá beirt sa bhaile Seán agus Peadar atá ina gcónaí ar an oileán. Bhí Colm agus Páidín, nach maireann, i Meiriceá.

Bhí an saol crua ag an am sin, fataí is mó a bhíodh againn nuair a bhí mise ag éirí suas. Arán nuair a bhíodh plúr le fáil ach bhí plúr gann. Is minic a bhíodh orainn an cáca boic a scríobadh. Rinne muid an oiread de sin. Thaitin sé le m'athair. Bhíodh grideall ag mo mháthair agus bhíodh sí dá bhrúith dúinn agus bhíodh muidé air. Cáca boic a thugadh muidé air.

Sa samhradh bhíodh iasc fairsing, d'fhaighimis ó dhaoine eile é mura mbíodh sé againn féin. Bhíodh sé lena suipéar againn leis na fataí. Bhíodh an bainne agus neart uibheacha againn, ach thairis sin ní mórán feola a bhíodh



Máire Pháidín - bhí sí thart ar seacht mbliana sa bpictiúr seo. Sa chúla bhí na fir ag cur beithí ar an 'steamer' go Gaillimh ag an margadh. Sna cléibh tá éadach tirim do na fir le tabhairt leo.

againn, bagún anois agus arís agus caoireoil nuair a mharáití caora. Ní mórán iascach a rinne m'athair, bhíodh sé ar an gcarraig ceart go leor, thaitin ballaigh leis. Mharódh sé ballaigh agus chuireadh sé salann orthu i gcomhar an gheimhridh agus bhíodh siad againn le fataí.

Ag obair ar an talamh a bhíodh sé, tá a fhios agat bhí talamh aige agus roinnt beithíoch. Choinneodh an obair ar an talamh cruógach é agus ag iarraidh a bheith ag cur fataí agus chuile shórt mar bhíodh go leor fataí ag teastáil le haghaidh beithíoch agus muc. Bhíodh na fataí go maith acu chuireadh siad feamainn agus aoileach orthu, thugadh siad an-aire dóibh. Bhíodh i gcónaí ó mhí Bealtaine á nglanadh agus ag cur spray agus chuile shórt orthu.

Bhíodh muc sa mbaile againn i gcónaí, ba le díol a bhíodh sí, ach is cuimhin liom bliain amháin gur maraíodh muc, bhí lá mór acu an lá a maríodh an mhuc. Mharáíodh siad caora anois is arís b'fhéidir faoi Shamhain agus faoi Nollaig ach ní cuimhne agam ar an mhuc amháin a maraíodh mar ba lá mór é.

I gcomhar na Nollag go hiondúil mharáíodh siad caora nó sin b'fhéidir gur piosa bagúin a bheadh ann. Ní bhíodh aon fheoil turcaí chor ar bith ann. Caoireoil is minicí a bhíodh i gcomhar na Nollag.

Bhíodh caint ar Santa ceart go leor ach ní raibh aon cheo ann, b'fhéidir go gcuirfeadh mo mháthair oráiste, cúpla

milseán dá mbeadh siad le fáil nó cúpla pingin sa stoca, sin a raibh againn ar aon chaoi.

Ní raibh aon sagart ar an oileán, bhíodh air a theacht as Inis Oírr i gcónaí. Bhíodh sé ag fanacht sa teach seo. Fiú amháin tar éis pósadh dom bhíodh sé ag fanacht anseo ar feadh suas le cúig bliana déag ag an deireadh seachtaine.

Bhí daonra mór ar an oileán le linn domsa bheith ag éirí suas. Bhí go leor gasúir ag dul ag an scoil, sin siar sna ceathrachaidí. Bheadh go hard os cionn an chéad, suas le céad go leith cheapainn. Bhíodh trí nó cheithre row déanta taobh amuigh den scoil, dhá row buachaillí agus dhá row cailíní nuair a bhíodh muid ag teacht isteach, mar a thugtaí air ó out to play, le mbíodh ann. Beirt mhúinteoirí a bhí ann ag an am. Ní raibh sa scoil ach dhá sheomra ach cuireadh seomra eile aiste ansin níos deireanaí, agus ina dhiaidh sin bhí na huimhreacha sin ag laghdú.

Annie Hearse agus Bean Mhic Dhonncha na múinteoirí a bhí sa scoil ag an am sin. Máistreás Dharach a thugadh muid ar Bhean Mhic Dhonnacha. Chuala mé go bhfuil sí beo fós, chaithfeadh aois mhór a bheith aici.

Bhí monarcha beag ar an oileán agus nuair a bhí mé réidh le scoil chuaigh mé ag obair ansin. Ag déanamh stocaí don arm a bhíodh siad ann. Bhí sé iontach bheadh cúpla pingin agat le haghaidh an tsiopa ar an mbealach abhaile. Mná ar fad a bhíodh ag obair ann, is dócha go raibh cúig déag nó sé déag ar fad ag

Seirbhísí Eolais don Phobal

faoi scáth

Mfg Teo.

agus

Citizens Information Board

Ag cur i bhfeidhm an Chláir Forbartha Aitiúil Sóisialta atá á riaradh ag Pobal Teo.

Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal			
CEANTAR	OIFIG FO-ROCHTA	LAETHANTA GACH MÍ	AM
Ros Muc	Beidh Oifigeach ar fáil i Ros Muc gach lá den tseachtain ón 9.30 r.n. – 4.30 i.n.		
Iorras Aithneach	Teach an Údaráis	An dara & an ceathrú Aoine	10.30 r.n. – 1.00 i.n.
An Cheathrú Rua		An chéad & an tríú Déardaoin	10.30 r.n. – 1.00 i.n.
Ceantar na nOileán	Spórtlann Mhichael Mhoir, Páirc a' Mháimín	An chéad & an tríú Déardaoin	02.00 i.n. – 4.00 i.n.
Cois Fharraige	Oifig an Chomhar Chreidmheasa	An dara & an ceathrú Máirt	10.30 r.n. – 1.00 i.n.
Dúiche Sheoighe	Oifig C.D.S.	Gach Céadaoin	02.00 i.n. – 4.00 i.n.
An Caiseal	Ionad Pobail an Chaisil	An dara Céadaoin	11.00 r.n. – 1.00 i.n.

Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal Na Trí Oilean Árann			
CEANTAR	OIFIG FO-ROCHTA	LAETHANTA GACH MÍ	AM
Inis Mór	Oifig an Chomhar-chumainn	An ceathrú Déardaoin	10.30 r.n. – 4.00 i.n.
Inis Meáin	Oifig an Chomhar-chumainn	An dara Déardaoin	10.30 r.n. – 4.00 i.n.
Inis Oírr	Oifig an Chomhar-chumainn	An tríú Máirt	10.30 r.n. – 4.00 i.n.